Ráitis ar Chaiteachas Liúntais
Ghníomhaíochtaí Parlaiminte 2021

Tuarascáil don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir Alt 10D den Acht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte 1938

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

Teileafón: (01) 6395666
Ríomhphost: info@sipo.ie
Suíomh gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland

Lúnasa 2022

Clár an Abhair

Réamhrá.....3
Caibidil 1: Réamhrá.....4
Caibidil 2: Ráitis chaiteachais arna gcur ar fáil ag ceannairí páirtí & comhaltaí neamhspleácha.....5
Caibidil 3: Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte – rátaí íocaíochta le linn 2021.....8
Aguisín: Sonraí maoinithe agus caiteachais.....9

Réamhrá

Tá áthas orm an tuarascáil seo a chur ar fáil don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir alt 10D den Acht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte 1938. Cuireadh na ráitis caiteachais agus tuarascálacha na n-iniúchóirí poiblí i leith 2021 dá tagraítear sa tuarascáil ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun alt 10B(1) agus 10B(6) den Acht.

Garrett Sheehan
Cathaoirleach
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Lúnasa 2022

Caibidil 1: Réamhrá

Íoctar liúntais bhliantúla le ceannairí páirtithe parlaiminte maidir le costais a eascraíonn as gníomhaíochtaí parlaiminte an pháirtí. Ceanglaítear ar cheannairí páirtithe ráitis bhliantúla chaiteachais ar na liúntais sin a chur ar fail don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún).

Faigheann comhaltaí neamhspleácha Dháil Éireann agus Sheanad Éireann liúntais freisin agus ceanglaítear orthu ráitis a thabhairt.

Tagraítear go Ginearálta do na liúntais mar 'Liúntais Gníomhaíochtaí Parlaiminte' (LGP).

Sainmhínítear páirtí cáilitheach san Acht mar pháití polaitíochta, atá cláraithe I gClár na bPáirtithe Polaitíochta, a chuiagh san iomaíocht san olltoghchán deiridh roimhe sin nó in aoin fhothoghcháin ina dhiaidh sin agus ar toghadh comhalta amháin ar a laghad do Dháil Éireann nó a toghadh nó a ainmníodh do Sheanad Éireann.

Baineann an tuarascáil seo leis na ráitis ar chaiteachas an liúntais don tréimshe ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021 a thug ceannairí parlaiminte naoi bpáití polaitíochta, naonúr déag Teachtaí Dála neamhspleácha agus naonúr Seanadóirí neamhspleácha a fuair an liúntas in 2021 don Choimisíun.

Níl ról ag an gCoimisiún I leithroinnt an liúntais seo ach tá ról maoirseachta aige maidir leis an gcaoi a gcaitear é. Faigheann sé ráitis ar chaiteachas an liúntais, déanann sé athbhreithniú orthu le haghaidh comhlíonta agus téann se I gcomhairle de réir mar is gá le ceannairí páirtí parlaiminte/comhaltaí neamhspleácha nuair a thagann ceisteanna chun cinn. Ní mór don Choimisiún tuarascail ar na ráitis a chur ar fail don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus cóip dá thuarascáil a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Ní mór dó freisin iniúchadh agus cóipeáil na ráiteas a éascú ar iarratas.

Caibidil 2: Ráitis chaiteachais arna gcur ar fáil ag ceannairí páirtí agus comhaltaí neamhspleácha

Cúlra

Forálann an tAcht nach mór do cheannairí páirtithe parlaiminte ráiteas a ullmhúm, nó a chur faoi deara go n-ullmhófar é, ar aon chaiteachas ón liúntas. Ní mór sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 120 lá tar éis dheireadh na bliana airgeadais inar íocadh liúntas. Caithfidh an ráiteas a bheith iniúchta ag iniúchóir poiblí agus ní mór é a chur isteach in éineacht le tuarascáil an iniúchóra chuig an gCoimisiún laistigh den tréimshe 120 lá seo. Tagann deireadh le híocaíocht an liúntais mura bhfaightear an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra don bhliain chuntais laistigh de 120 lá ó dheireadh na bliana.

Ba é an 30 Aibreán 2022 an spriocdháta chun tuairisceáin a fháil don tréimhse tuairiscithe 2021.

Ceanglaíodh ar cheannairí na naoi bpáirtí polaitiúla seo a leanas ráiteas a thabhairt don Choimisiún i leith 2021:

- Aontú
- Fianna Fáil
- Fine Gael
- Comhaontas Glas
- Neamhspleáigh ar son an Athraithe
- Pobal Roimh Bhrabús/Dlúthpháirtíocht
- Sinn Féin
- Daonlathas Sóisialta
- An Páirtí Lucht Oibre

Ina theannta sin, ceanglaíodh ar naonúr Seanadóirí neamhspleácha agus naonúr Teachtaí Dála neamhspleácha déag ráiteas a thabhairt don Choimisiún le haghaidh 2021.

De réir an Achta, ní féidir an maoiniú a fhaightear a chur i bhfeidhm ar costais toghcháin nó reifrinn, ná é a úsáid chun costais toghcháin nó reifrinn a fháil ar ais. Éilíonn an Coimisiún ar cheannairí páirtithe parlaiminte agus ar chomhaltaí neamhspleácha a rá ar a ráiteas caiteachais nár úsáideadh an liúntas chun críocha toghcháin nó reifrinn.

Ní mór don Choimisiún tuarascáil a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Leasú ar na ráitis agus ar thuarascálacha na n-iniúchóirí a fuarthas ag léiriú:

(i) cibé acu ar cuireadh na ráitis agus tuarascálacha na n-iniúchóirí isteach faoin teorainn ama shonraithe,

(ii) cibé an nochtar aon chaiteachas a úsáideadh chun costais toghcháin nó reifrinn a fhorchúiteamh agus

(iii) cibé an gcomhlíonann na ráitis Ailt 10 (m.sh. íoctha de réir na rátaí cearta, etc.) agus 10B (tá ráiteas caiteachais tugtha, etc.) den Acht.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, tá an Coimisiún sásta nach bhfuil aon fhianaise ann maidir le neamhchomhlíonadh na bhforálacha thuas.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún cóip dá thuarascáil a sholáthar don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus í a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Ní mór don Choimisiúin cóip de na ráitis agus de thuarascálacha na n-iniúchóirí a fhaightear a choinneáil agus a chur ar fáil lena scrúdú ag an bpobal agus lena gcóipeáil ag oifigí an Choimisiúin.

Tá na ráitis agus tuarascálacha na n-iniúchóirí ar fáil ag www.sipo.ie.

Cuirfidh an Coimisiún cóipeanna de na ráitis agus de na tuarascálacha ar fáil freisin lena n-iniúchadh ag an bpobal, gan táille, ag a oifig ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773, le linn gnáthuaireanta oibre. Más mian leat na doiciméid reachtúla a inúchadh, dean teaghmáil leis an gCoimisiún ar ríomhphost ag info@sipo.ie nó ar teileafón ag (01) 639-5666.

Soláthraíonn an Aguisín leis an tuarascáil seo na sonraí seo a leanas do 2021:

- Tugann Tábla 1 sonraí faoin maoiniú atá ar fáil do cheannairí Parlaiminte páirtithe polaitíochta cáilithe,
- Léiríonn Tábla 2 an miondealú caiteachais de réir catagóire agus de réir páirtí polaitíochta,
- Tugann Tábla 3 sonraí faoin maoiniú atá ar fáil do Theachtaí Dála neamhspleácha,
- Léiríonn Tábla 4 miondealú ar chaiteachas de réir catagóire agus TD neamhspleách,
- Tugann Tábla 5 sonraí faoin maoiniú atá ar fáil do Sheanadóirí neamhspleácha,
- Agus léiríonn Tábla 6 miondealú ar chaiteachas de réir catagóire agus Seanadóir neamhspleách.

Caibidil 3: Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte – rátaí íocaíochta le linn 2021

Íocann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an liúntas gníomhaíochtaí Parlaiminte le ceannairí páirtithe parlaiminte agus comhaltaí roghnaithe neamh-pháirtí de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann.

Ardaíonn an liúntas ar aon dul le harduithe ginearálta pá sa Státseirbhís agus níl sé faoi réir cáin ioncaim. Is iad seo a leanas na liúntais bhliantúla a bhí iníoctha amhail ón 1 Eanáir 2021 le ceannairí páirtithe parlaiminte i leith chomhaltaí Dháil Éireann:

Do pháirtithe rialtais

- €42,912 in aghaidh gach comhalta do gach duine den chéad 10 gcomhalta a toghadh,
- €34,329 in aghaidh gach comhalta roghnaithe breise ó 11 go 30 comhalta,
- Agus €17,169 in aghaidh gach comhalta roghnaithe os cionn 30 comhalta.

I gcás gur cuid den Rialtas páirtí cáilitheach, laghdaítear na comh-liúntais i leith a chomhaltaí de Dháil Éireann (amháin) faoi aon trian.

Do pháirtithe neamh-rialtais

- €64,368 in aghaidh gach comhalta do gach den chéad 10 gcomhalta a togadh,
- €51,493 in aghaidh comhalta roghnaithe breise ó 11 go 30 comhalta,
- Agus €25,754 in aghaidh gach comhalta roghnaithe os cionn 30 comhalta.

Ba é an liúntas bliantúil le híoc le ceannairí i páirtí parlaiminte i leith comhaltaí an tSeanaid –

- €42,089 do gach comhalta den chéad 5 chomhalta a tofa nó a ainmnithe,
- Agus €21,045 do gach comhalta breise a thoghfar nó a ainmnítear.

Fuair comhaltaí roghnaithe neamh-pháirtí Dháil Éireann liúntas bliantúil de €37,037 agus fuair comhaltaí tofa nó neamh-pháirtí ainmnithe de Sheanad Éireann liúntas bliantúil de €21,045.

Ba é an maoiniú iomlán in 2021 do cheannairí na naoi bpáirtí cáilithe ná €7,613,285.

B'ionann an maoiniú a cuireadh ar fáil do chomhaltaí neamh-pháirtí den Dáil ná 4705,461.

Ba é an maoiniú a cuireadh ar fáil do chomhaltaí neamh-pháirtí den Seanad ná €189,878.

Aguisín: Sonraí maoinithe agus caiteachais

Nóta: seans nach mbeidh na hiomláin mar chéile mar gheall ar shlánú.

Tábla 1 – Sonraí na mhaoinithe atá ar fáil do Cheannairí Parlaiminte páirtithe polaitíochta cáilithe faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2021

Páirtithe Polaitíochta	Iarmhéid deiridh 2022 €	Iomlán a fuarthas do 2021 €	Caiteachas in 2021 €	Iarmhéid deiridh 2022 €
Aontú	28,702	64,529	74,003	**19,229**
Fianna Fáil	—	1,798,390	1,620,392	**177,998**
Fine Gael	362,959	1,629,776	1,363,743	**628,993**
An Comhaontas Glas	248,372	667,799	809,908	**106,263**
Independents 4 Change	40,646	106,723	114,359	**33,010**
Sinn Féin	193,193	322,645	236,083	**279,756**
Na Daonlathaigh Shóisialta	851,993	2,027,231	1,386,355	**1,492,870**
Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús	205,927	387,174	308,550	**284,551**
Páirtí an Lucht Oibre	713,596	609,016	572,288	**750,324**
Iomlán	**2,645,389**	**7,613,285**	**6,485,680**	**3,772,993**

Tábla 2 – Miondealú de réir catagóire agus de réir páirtí polaitíochta ar chaiteachas an liúntais in 2021

Catagóir	a €	b €	c €	d €	e €	f €	g €	h €	i €	j €	k €	Total €
Aontú	19,280	14,100	—	1,175	12,000	—	—	—	27,448		—	**74,003**
Fianna Fáil	1,431,037	—	31,830	—	154,334	—	—	—	—	3,191	—	**1,620,392**
Fine Gael	119,591	—	101,687	48,268	44,440	—	1,049,757	—	—	—	—	**1,363,743**
An Comhaontas Glas	176,221	—	2,750	23,288	—	—	597,900	—	9,750	—	—	**809,909**
Independents 4 Change	40,219	—	32,812	25,000	16,327	—	—	—	—	—	—	**114,358**
Sinn Féin	22,941	—	—	—	—	—	—	—	213,142	—	—	**236,083**
Na Daonlathaigh Shóisialta	939,896	—	59,543	228,234	44,180	85,351	29,151	—	—	—	—	**1,386,355**
Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús	302,628	—	—	5,922	—	—	—	—	—	—	—	**308,550**
Páirtí an Lucht Oibre	385,764	—	—	186,524	—	—	—	—	—	—	—	**572,288**
Iomlán	**3,437,577**	**14,100**	**228,622**	**518,411**	**271,281**	**85,351**	**1,676,808**	**—**	**250,340**	**3,191**	**—**	**6,485,681**

Catagóirí caiteachais

a) Riarachán ginearálta ghníomhaíochtaí parlaiminte páirtí cháilithigh;
b) Comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar ar dóigh di a bheith ag teastáil maidir le tograí reachtacha nó tionscnaimh pharlaiminteacha ionchasacha;
c) Taighde agus oiliúint;
d) Ceapadh beartais;
e) Seirbhísí sainchomhairleoirí a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí caidrimh phoiblí a fhostú;
f) Suirbhéireacht nó sampláil dearcthaí an phobail maidir le díospóireachtaí nó tionscnaimh pharlaiminteacha;
g) Seirbhísí tacaíochta do pháirtí parlaiminte a cheannach ón bpáirtí;
h) Aon tuarastal nó onóir a íoc le ceannaire parlaiminte i leith dualgais de dhroim a ghníomhaíochtaí nó a gníomhaíochtaí mar cheannaire den sórt sin ar leith ó ghníomhaíochtaí comhalta de Dháil Éireann nó sealbhóir oifige Aire;
i) Aon tuarastal nó onóir i leith dualgas a eascraíonn as gníomhaíochtaí an duine i bpáirtí parlaiminteach a íoc le duine eile;
j) Soláthar a dhéanamh le haghaidh iompair agus caiteachas pearsanta arna thabhú ag ceannaire parlaiminteach, oifigeach nó urlabhraí páirtí parlaiminte mar thoradh ar fheidhm a bpáirtí parlaiminte nó a fhorchúiteamh;
k) Agus siamsaíocht.

Tábla 3 – Sonraí faoin maoiniú atá ar fáil do Theachtaí Dála neamhspleácha faoi na Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2021

Ainm an TD	Iarmhéid deiridh 2022	Iomlán a fuarthas do 2021	Caiteachas in 2021	Iarmhéid deiridh 2022
	€	€	€	€
Berry, Cathal	8,009	37,130	43,984	**1,155**
Canney, Seán	44,779	37,130.00	27,598	**54,311**
Collins, Michael	3,635	37,130.00	35,484	**5,280**
Connolly, Catherine	50,930	37,130.00	51,771	**36,288**
Fitzmaurice, Michael	43,836	37,130.00	44,113	**36,853**
Fitzpatrick, Peter	3,304	37,130.00	38,500	**1,933**
Grealish, Noel	82,661	37,130.00	26,597	**93,194**
Harkin, Marian	1,193	37,130.00	34,000	**4,322**
Healy Rae, Danny	2,391	37,130.00	34,932	**4,589**
Healy Rae, Michael	7,528	37,130.00	34,575	**10,082**
Lowry, Michael	32,881	37,130.00	1,482	**68,528**
McGrath, Mattie	69,050	37,130.00	25,751	**80,429**
McNamara, Michael	1,718	37,130.00	37,136	**1,712**
Murphy, Verona	11,736	37,130.00	11,520	**37,345**
Naughten, Denis	107,423	37,130.00	12,370	**132,182**
Nolan, Carol	—	37,130.00	14,080	**—**
O'Donoghue, Richard	20,609	37,130.00	37,596	**20,143**
Pringle, Thomas	4,497	37,130.00	25,643	**15,984**
Shanahan, Matt	23,380	37,130.00	19,129	**41,380**
Iomlán	**519,560**	**705,461**	**556,260**	**645,712**

*Thug an Teachta an t-iarmhéid a bhí fágtha acu do 2021 ar ais

Tábla 4 – Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Gníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2021 tugtha ag gach TD neamhspleách

Catagóir	a €	b €	c €	d €	e €	f €	Iomlán
Berry, Cathal	3,378	16,126	791	23,690	—	—	**43,984**
Canney, Seán	—	14,625	727	12,246	—	—	**27,598**
Collins, Michael	—	8,850	19,428	6,032	1,175	—	**35,484**
Connolly, Catherine	5,250	46,152	—	369	—	—	**51,771**
Fitzmaurice, Michael	—	21,525	—	22,588	—	—	**44,113**
Fitzpatrick, Peter	—	31,750	6,750	—	—	—	**38,500**
Grealish, Noel	246	800	1,236	24,315	—	—	**26,597**
Harkin, Marian	—	—	19,000	15,000	—	—	**34,000**
Healy Rae, Danny	—	16,050	18,267	615	—	—	**34,932**
Healy Rae, Michael	—	33,345	—	1,230	—	—	**34,575**
Lowry, Michael	—	800	—	682	—	—	**1,482**
McGrath, Mattie	2,426	14,638	4,143	4,544	—	—	**25,751**
McNamara, Michael	420	—	—	36,716	—	—	**37,136**
Murphy, Verona	—	7,303	—	4,218	—	—	**11,520**
Naughten, Denis	246	3,960	3,952	4,212	—	—	**12,370**
Nolan, Carol	—	14,080	—	—	—	—	**14,080**
O'Donoghue, Richard	4,883	32,712	—	—	—	—	**37,596**
Pringle, Thomas	802	13,870	10,971	—	—	—	**25,643**
Shanahan, Matt	4,914	800	4,500	2,869	2,630	3,416	**19,129**
Iomlán	**22,564**	**277,386**	**89,763**	**159,324**	**3,805**	**3,416**	**556,260**

Catagóirí caiteachais

a) Comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar ar dóigh di a bheith ag teastáil maidir le tograí reachtacha nó tionscnaimh pharlaiminteacha ionchasacha;
b) Taighde agus oiliúint;
c) Ceapadh beartais
d) Seirbhísí sainchomhairleoirí a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí caidrimh phoiblí a fhostú;
e) Suirbhéireacht nó sampláil dearcthaí an phobail maidir le díospóireachtaí nó tionscnaimh pharlaiminteacha;
f) Agus siamsaíocht.

Tábla 5 – Sonraí an mhaoinithe atá ar fáil do chomhaltaí neamhspleácha an tSeanaid faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2021

Ainm an tSeanadóra	Iarmhéid deiridh 2022	Iomlán a fuarthas do 2021	Caiteachas in 2021	Iarmhéid deiridh 2022
	€	€	€	€
Black, Frances	29,587	21,098	11,634	**39,051**
Boyhan, Victor	50,158	21,098	9,565	**61,690**
Craughwell, Gerard	21,192	21,098	26,401	**15,889**
Higgins, Alice Mary	13,252	21,098	22,200	**12,149**
Keogan, Sharon	11,905	21,098	24,495	**8,508**
McDowell, Michael	36,027	21,098	4,980	**52,145**
Mullen, Ronan	—	21,098	21,098	—
Norris, David	37,943	21,098	8,325	**50,716**
Ruane, Lynn	632	21,098	21,216	**514**
Iomlán	**200,698**	**189,878**	**149,914**	**240,662**

Tábla 6 – Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Gníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2021 arna sholáthar ag gach comhalta neamhspleách den Seanad

Catagóir	a €	b €	c €	d €	e €	f €	Iomlán €
Black, Frances	—	10,620	522	492	—	—	**11,634**
Boyhan, Victor	3,080	—	5,809	677	—	—	**9,565**
Craughwell, Gerard	1,811	420	8,529	14,711	—	930	**26,401**
Higgins, Alice Mary	3,825	9,277	8,606	492	—	—	**22,200**
Keogan, Sharon	887	20,251	2,557	800	—	—	**24,495**
McDowell, Michael	2,376	—	2,120	484	—	—	**4,980**
Mullen, Ronan	2,175	13,975	4,665	—	—	282	**21,098**
Norris, David	—	—	—	8,325	—	—	**8,325**
Ruane, Lynn	1,402	10,591	7,033	2,124	—	66	**21,216**
Iomlán	**15,556**	**65,133**	**39,842**	**28,104**	—	**1,278**	**149,913**

Catagóirí caiteachais

a) Comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar ar dóigh di a bheith ag teastáil maidir le tograí reachtacha nó tionscnaimh pharlaiminteacha ionchasacha;
b) Taighde agus oiliúint;
c) Ceapadh beartais;
d) Seirbhísí sainchomhairleoirí a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí caidrimh phoiblí a fhostú;
e) Suirbhéireacht nó sampláil dearcthaí an phobail maidir le díospóireachtaí nó tionscnaimh pharlaiminteacha;
f) Agus siamsaíoch